Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9163/21**

**ESPACE 60**
**RECH 271**
**COMPET 427**
**MI 396**
**IND 146**
**ENV 375**
**EU-GNSS 28**
**TRANS 333**
**TELECOM 226**
**ENER 238**
**EMPL 262**
**CSDP/PSDC 282**
**CFSP/PESC 520**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Bealtaine 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8956/21 |
| Ábhar: | Spás Nua do Dhaoine<br>- Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 28/05/2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás Nua do Dhaoine', a ghlac an Chomhairle ag an 3797ú cruinniú a bhí aici an 28 Bealtaine 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás Nua do Dhaoine'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Á MHEABHRÚ DI

- an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena mbunaítear inniúlacht de chuid an Aontais sa Spás[1];
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'straitéis spáis don Eoraip' an 30 Bealtaine 2017, inar mhol sí don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú leis na gníomhaithe ábhartha chun nuálaíocht agus forbairt a éascú i gcás feidhmchlár spáis, deiseanna gnó, gníomhaíochtaí for-rochtana chomh maith le hacmhainneacht thionsclaíoch, lena n-áirítear cuideachtaí agus tionscnaimh maidir leis an 'spás nua', FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis;
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'an spás mar chumasóir' an 28 Bealtaine 2019, a daingníodh ag an naoú Comhairle um an Spás, inar aithin sí an t-athrú ó bhonn atá ag teacht ar thírdhreach an spáis, atá anois ag athrú agus gníomhaithe nua ag teacht chun cinn, amhail tíortha atá gníomhach den chéad uair i gcúrsaí spáis agus go háirithe gníomhaithe príobháideacha nua;
- na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe' an 29 Samhain 2019 inar aithin sí na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an spás nua chun soláthar seirbhísí agus réitigh spás-chumasaithe a chothú do riachtanais an Artaigh, i measc nithe eile;

[1] Go háirithe Airteagail 4(3) agus 189.

- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'spás don Eoraip inbhuanaithe' an 4 Meitheamh 2020, ina n-aithnítear teacht chun cinn 'Spás Nua' agus inar iarr sí ar an gCoimisiún anailís chuimsitheach a fhorbairt ar staid reatha agus ar thodhchaí an spáis nua Eorpaigh, agus ar an méid a chuirfidh sé le geilleagar na hEorpa, trína hacmhainní margaidh atá ann cheana a leathnú, tacaíocht a thabhairt do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, agus lena n-áirítear gníomhaithe nua atá ag teacht chun cinn, chomh maith le forbairtí nua;

- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis' an 11 Samhain 2020, a daingníodh ag an 10ú Comhairle um an Spás, inar chuir sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá straitéis nuálaíochta don Spás Nua lena ndírítear ar thráchtálú méadaithe, ar iomaíochas agus ar éifeachtúlacht agus ar chomhchuspóirí Eorpacha sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

- Na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche' an 16 Samhain 2020 inar chuir sí i bhfios go láidir gur cheart don Aontas beartas tionsclaíoch Eorpach uaillmhianach agus teanntásach a shaothrú chun timpeallacht ghnó atá inbhuanaithe, tarraingteach agus iomaíoch a chruthú chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na héifeachtaí iarmharta a d'fhéadfadh teacht as comhar neartaithe i líonraí gnólachtaí idirnasctha ar fud an Aontais, lena n-áirítear spleáchais straitéiseacha a shainaithint agus a laghdú agus athléimneacht a mhéadú sna héiceachórais thionsclaíocha is íogaire agus i réimsí sonracha, amhail an spás;

## I Comhthéacs agus dinimic na hearnála spáis Eorpaí

1) MEASANN SÍ go bhfuil claochlú agus méadú mear ag teacht ar an earnáil spáis ar scála domhanda i ngeall ar shuaitheadh teicneolaíochta, bealaí nua chun cumais atá ann cheana a shaothrú, tráchtálú, daonlathú an spáis, agus go bhfuil an spás ag teacht chun cinn mar earnáil bhrabúsach, ina dtagann samhlacha nua gnó chun cinn i measc cuideachtaí de mhéideanna éagsúla;

2) CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH an dinimic atá ann le déanaí i dtreo cóineasú na margaí institiúideacha agus príobháideacha, lena n-áirítear ról na tionsclaíochta a bheith ag fás. Dá thoradh sin osclaítear an earnáil spáis d'úsáideoirí agus gníomhaithe nua, ar féidir go gcuirfidh siad táirgí spáis agus seirbhísí spásbhunaithe nuálacha agus níos inacmhainne ar fáil, agus fágann sé freisin go mb'fhéidir gur mó spéis sa spás a chuirfidh tíortha nach raibh rannpháirteach cheana i ngníomhaíochtaí spáis;

3) AITHNÍONN SÍ go bhfuil an earnáil spáis ag cruthú agus ag fiosrú margaí nua san Eoraip agus ar fud an domhain, ar toradh iad ar fhorbairtí nua teicneolaíochta agus cur chuige margaidh atá dírithe ar costas a laghdú, agus ar níos mó solúbthachta agus lúfaireachta, agus leanúnachas na mbarúlacha agus cáilíocht agus slándáil na dteicneolaíochtaí talún agus na gcóras spáis á gcoimirciú ag an am céanna. Cothaítear an dinimic sin leis an nuálaíocht altrama, le cros-toirchiú níos mó ó earnálacha neamhspáis go teicneolaíochtaí agus feidhmeanna spáis, agus le teacht chun cinn feidhmeanna agus seirbhísí nua a bhaineann tairbhe as an bhforbairt mhear ar theicneolaíochtaí digiteacha agus as comhtháthú córas próiseála sonraí ó shonraí oscailte Copernicus, i measc comhpháirteanna eile;

4) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá teicneolaíocht, sonraí agus feidhmchláir spáis chun réitigh ar an aistriú aeráide a aimsiú agus a thábhachtaí atá na forbairtí i dtreo bhaint amach na spriocanna a leagadh síos i gComhaontú Pháras, mar aon le spriocanna an Comhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an éabhlóid ionsar dhearcadh iomlánaíoch ar ár bpláinéad ionas gur fearr ár dtuiscint ar chastacht agus nádúr sistéamach an phláinéid chomh maith le hidirnascadh an chomhshaoil lenár ndea-bhail, lenár sláinte agus leis an gcóras socheacnamaíoch;

## II Cur chuige Eorpach i leith an Spáis Nua

5) AITHNÍONN SÍ go bhfuil, de bharr claochluithe tapa agus seasmhacha, gá le cur chuige Eorpach i leith an Spáis Nua; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an poitéinseal ann sa Spás Nua chun rannchuidiú le cuspóirí foriomlána an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na haistrithe glasa agus digiteacha, agus chun athléimneacht na hEorpa a threisiú. Cuireann an Spás Nua freisin le réimsí beartais phoiblí eile agus bíonn tionchar aige ar an tsochaí Eorpach agus ar gheilleagar na hEorpa, agus é ag freagairt ar riachtanais na saoránach;

6) AITHNÍONN SÍ an gá atá le comhthuiscint maidir leis an Spás Nua agus comhthéacs, cultúr agus struchtúir na hEorpa á gcur san áireamh. Ba cheart slabhra luacha uile an spáis a chumhdach leis an gcur chuige Eorpach i leith an Spáis Nua, agus deighleoga réamhtheachtacha, meánteachtacha agus iartheachtacha a fholú, le peirspictíocht nua nuálaíochta agus ghnó agus creatchoinníollacha a fhabhraíonn do theacht chun cinn gníomhaithe nua Eorpacha agus do thógáil agus idirnascadh éiceachóras spáis ar fud na hEorpa, trí bhacainní rialála agus iontrála margaidh a laghdú, slabhraí luacha a oscailt suas, cur chuige soláthair a athrú agus infheistíochtaí príobháideacha a mhéadú;

7) AITHNÍONN SÍ acmhainneacht nuálaíochta na hearnála príobháidí atá á spreagadh níos mó ag infheistíochtaí príobháideacha, agus an luach a d'fhéadfadh an acmhainneacht sin a thabhairt d'fhorbairt na hearnála spáis Eorpaí;

8) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil éiceachórais Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha i gcroílár an Spáis Nua san Eoraip; AITHNÍONN SÍ an gá atá le cur chuige comhleanúnach maidir leis an deighleog iartheachtach, le feabhas a chur ar oscailteacht do ghníomhaithe nua sa spás, eadhon FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe, cuideachtaí atá i mbun fáis agus gnólachtaí nuathionscanta, ag na céimeanna luatha agus ag na céimeanna fáis araon, in éineacht le fiontraíocht a bhaineann leis an spás agus bearta fothaithe acmhainneachta agus bearta tacaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear deiseanna cistiúcháin chun éiceachórais spáis a chothú ar fud na hEorpa;

9) CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag an taighde bunúsach agus feidhmeach, forbairt agus nuálaíocht don Spás Nua lena gcomhlánaítear an spás traidisiúnta, lena n-áirítear ríomhaireacht ardfheidhmíochta, an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí candamacha, in éineacht le teaglaim de theicneolaíochtaí éagsúla, a fhabhraíonn do laghdú costais i gcórais nua spáis trí mhionadúchán agus trí ardáin spáis a bheith níos il-áisiúla, i gcomhair sonraí, faisnéis agus seirbhísí spásbhunaithe a bheidh ar cháilíocht níos airde, níos costéifeachtaí agus slán; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról atá ag teicneolaíochtaí nua agus cur chuige nua deartha, lena n-áirítear don spástaiscéalaíocht agus d'úsáid acmhainní spáis, agus d'ath-inúsáidteacht ardán spáis;

10) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha a bhaineann le rochtain ar an spás a bheith ag gníomhaithe an Spáis Nua, trí bhonneagair thalún atá oiriúnaithe agus comhlántach;

11) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról an Aontais agus na mBallstát sa chomhthéacs idirnáisiúnta, iltaobhach agus a mhéid a chuireann an Spás Nua le taidhleoireacht an spáis a chothú;

12) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an luach atá cruthaithe ag an Spás Nua don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol, agus go gcumasaíonn an spás leasa comhshaoil, sochaíocha agus eacnamaíocha, de réir mar gur mó a bhraitheann siad ar shócmhainní spásbhunaithe le haghaidh feidhmeanna teileachumarsáide, loingseoireachta agus fhaire na cruinne, agus tionchar á imirt dá réir ar an inbhuaine agus ar na haistrithe glasa agus digiteacha; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá úsáid níos mó a bhaint as feidhmeanna, seirbhísí agus sonraí spáis i ndlúthchomhar le húsáideoirí deiridh, geallsealbhóirí agus ar fud an tionscail spáis sna Ballstáit go léir chun na leasa comhshaoil, sochaíocha agus eacnamaíocha sin a ghnóthú;

**III Cláir agus tionscnaimh de chuid an Aontais agus a mhéid a rannchuidíonn siad le neartú an Spáis Nua**

13) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go rannchuidíonn comhpháirteanna reatha an chláir spáis Copernicus, EGNOS agus Galileo leis an Spás Nua agus gur chun a leasa é, i dtéarmaí ghlacadh an mhargaidh le sonraí agus comharthaí spásbhunaithe, faisnéis chun feidhmchláir, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt; TUGANN SÍ DÁ hAIRE poitéinseal GOVSATCOM maidir leis sin;

14) AITHNÍONN SÍ na deiseanna a eascraíonn as seirbhísí oibríochtúla i réimsí fheasacht staide an spáis, chun tacú le gníomhaíochtaí spáis sábháilte, slána agus inbhuanaithe agus chun an bonneagar spáis Eorpach a chosaint, trí chóras na mbraiteoirí, catalóg na réad agus na seirbhísí spáis, arna soláthar faoi láthair trí fhaireachas agus rianú spáis an Aontais (EU-SST) a uasghrádú agus a fhorbairt a thuilleadh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé cur chuige i leith bainistiú tráchta spáis a fhorbairt don Eoraip amach anseo agus caighdeáin dhomhanda a threorú;

15) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá an soláthar traidisiúnta agus nuálach i gcláir de chuid an Aontais, le leibhéal níos airde oscailteachta agus trédhearcachta sna beartais agus sna nósanna imeachta, ar feadh na slabhraí soláthair, a fhabhraíonn do rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí atá i mbun fáis, FBManna eile agus cuideachtaí meánchaipitlithe;

16) MEABHRAÍTEAR DI forbairt an bheartais spáis Eorpaigh agus a thábhachtaí atá sé comhlántachtaí agus cur chuige struchtúrtha a lorg chun sineirgí a fhorbairt idir na Ballstáit, an Coimisiún, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, agus eintitis eile ar cuireadh cúram orthu agus geallsealbhóirí bunaithe ar a gcuid saineolais, ról agus freagrachtaí, chun gur fearr a chomhlíonfar cuspóir Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh i réimse an Spáis Nua;

17) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá sineirgí agus comhlántachtaí chlár spáis an Aontais le cláir eile de chuid an Aontais a chur chun cinn, eadhon taighde agus forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht tríd an gclár Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, an Ciste Eorpach Cosanta, InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na Cistí Struchtúracha agus Comhtháthaithe Eorpacha, chun an infheistíocht san earnáil spáis a ghiaráil, lena n-áirítear éiceachóras an Spáis Nua, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht in úsáid acmhainní poiblí a uasmhéadú, feasacht a mhúscailt maidir le deiseanna a chuireann na cláir sin ar fáil do ghníomhaithe an Spáis Nua, agus earnáil spáis Eorpach a bheidh nuálach agus iomaíoch a chothú;

18) ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé riachtanach leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ardscileanna, do chomhroinnt eolais agus don oiliúint chun na hinniúlachtaí is gá a chruthú ar fud na hEorpa, lena n-áirítear le tacaíocht níos mó a thabhairt do thíortha a bhfuil cumas spáis ag teacht chun cinn iontu, agus éagsúlacht a chothú san earnáil, chomh maith leis an spéis atá ag daoine óga i staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an matamaitic a mhéadú;

## IV I dtreo earnáil spáis de chuid an Aontais a bheidh nuálach, athléimneach agus iomaíoch chun deiseanna an Spáis Nua a thapú

19) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach meascán de chur chuige soláthar-bhunaithe agus de chur chuige éileamh-bhunaithe a bheith ann chun cros-toirchiú teicneolaíochtaí, seirbhísí agus feidhmeanna spáis agus neamhspáis a chothú trí bheartais agus earnálacha éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, chun cruthú luacha agus glacadh an mhargaidh a chur chun cinn ar mhaithe le digiteáil shlán agus réitigh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, trí chur chuige úsáideoir-lárnach;

20) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá iomaíochas na hEorpa i gcomhthéacs an Spáis Nua agus a riachtanaí atá sé infheistíocht phríobháideach a chothú agus cur chuige margadh-bhunaithe a threisiú chun forbróirí teicneolaíochta, soláthróirí agus soláthraithe seirbhíse atá bunaithe san Eoraip a neartú agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt teicneolaíochtaí nuálacha agus bunathraitheacha agus do chumais thionsclaíocha; IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT AR a thábhachtaí atá sé athléimneacht a bhaint amach i slabhraí luacha spáis straitéiseacha Eorpacha, trí rialacháin theicniúla, caighdeáin, soláthar poiblí agus ionstraimí maoiniúcháin;

21) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá láidreachtaí Eorpacha a threisiú ionsar earnáil spáis a bheidh níos nuálaí, níos athléimní agus níos iomaíche i réimsí amhail comhpháirteanna criticiúla, nascacht shlán spásbhunaithe, comhghuaillíochtaí tionsclaíocha sa mhicrileictreonaic agus in amhábhair;

22) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, chun tacú le neamhspleáchas straitéiseach maidir le rochtain ar an spás, rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun treochlár comhchoiteann a fhorbairt don chéad ghlúin eile de lainseálaithe, teicneolaíochtaí lainseála agus bonneagair lainseála, i ndlúthchomhordú agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus le tionscail, agus prionsabail an gheilleagair oscailte á urramú ag an am céanna;

23) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá coinníollacha cumasúcháin, atá riachtanach chun fiontraíocht a chothú agus chun cruthú deiseanna nua gnó, fás margaí nua agus éiceachórais nuálaíochta a éascú;

24) CUIREANN SÍ I dTREIS go raibh an beartas sonraí oscailte saora atá ann faoi láthair maidir le faire na cruinne ríthábhachtach chun éileamh láidir ar shonraí agus ar fhaisnéis a spreagadh agus gur uirlis riachtanach é a rannchuidíonn le héiceachóras spáis éifeachtach Eorpach, a chuireann ar a chumas don mhargadh feidhmeanna iartheachtacha a fhorbairt do líon mór custaiméirí príobháideacha agus institiúideacha;

25) AITHNÍONN SÍ na deiseanna nua a ghabhann le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí ardtaifigh chun cóineasú fhaire na cruinne agus na hintleachta saorga a chothú ar mhaithe le cumas níos fearr chun réitigh a sholáthar d'úsáideoirí neamhtheicniúla, rud a bheidh chun sochair go díreach do shaoránaigh Eorpacha;

26) CUIREANN SÍ I dTREIS ról an spáis agus an bealach inar féidir le sonraí agus faisnéis spásbhunaithe a bheith mar chumasóir do bheartais éagsúla de chuid an Aontais agus a bheith chun sochair do straitéis sonraí Eorpach agus do thionscnaimh de chuid an Aontais, amhail an tionscnamh Ceann Scríbe an Domhain i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis, an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin agus EUMETSAT, spás coiteann sonraí an Comhaontaithe Ghlais don Eoraip nó imscaradh 5G nó an glacadh le hIdirlíon na Rudaí Nithiúla;

27) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar chumas nascachta slán spásbhunaithe a fhorbairt mar chomhlánú ar líonraí nascachta talún agus fomhuirí atá ann cheana;

28) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an chibearshlándáil do chórais agus d'oibríochtaí an Spáis Nua ar an talamh agus sa spás; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin an poitéinseal atá sa mhargadh domhanda do réitigh chibearshlándála, a thabharfaidh deiseanna do chuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe;

29) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór a áirithiú go mbainfidh na gníomhaithe spáis uile úsáid inbhuanaithe as an spás, lena n-áirítear gníomhaithe an Spáis Nua, i gcomhréir le conarthaí agus rúin ábhartha na Náisiún Aontaithe agus de réir mholtaí agus threoirlínte UNCOPUOS;

## V Maoiniú agus fás ghnólachtaí spáis na hEorpa

30) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá infheistíocht caipitil riosca d'éiceachóras uile an Spáis Nua; agus AITHNÍONN SÍ an gá atá le scéimeanna agus ionstraimí maoiniúcháin poiblí a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach mar uirlis dhí-riosca don infheistíocht agus mar mhodh chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh, chun ionstraimí airgeadais a chomhlánú amhail maoiniú cothromais agus fiachais le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí atá i mbun fáis agus FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe eile ag céim an fháis, agus é d'aidhm aige sin líon na n-infheisteoirí príobháideacha i ndeighleoga na margaí spáis agus méideanna an chaipitil phríobháidigh a infheistítear a mhéadú;

31) IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh CASSINI (Gnólachtaí Nuathionscanta Iomaíocha Spáis don Nuálaíocht), atá dírithe ar chiste cistí spáis de chuid an Aontais ar fiú EUR 1 billiún é, agus lánúsáid á baint as InvestEU chun rochtain ar mhaoiniú a éascú, agus an ról atá aige maidir le líon na ngnólachtaí nuathionscanta san Aontas a mhéadú, gnólachtaí a thógáil atá bunaithe ar theicneolaíochtaí, seirbhísí agus feidhmchláir spáis AE atá nuálach agus dlús á chur lena bhfás agus lena méadú;

32) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé na húdaráis phoiblí a spreagadh le húsáid a bhaint as soláthar réiteach nuálach agus as soláthar réamhthráchtála mar bhealach chun tráchtálú a éascú agus chun tarraingt sa mhargadh a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe i dtionscal an spáis agus do sheirbhísí digiteacha atá bunaithe ar shonraí spáis;

## VI Faireachán agus Meastóireacht

33) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tomhas tráthrialta ar thionchar na hearnála spáis laistigh den gheilleagar Eorpach a chur chun cinn, agus an obair atá á déanamh cheana féin á cur san áireamh, le béim ar leith ar an Spás Nua agus modheolaíocht a fhorbairt ina leith sin a léireoidh mar is féidir leis an Spás Nua a bheith chun tairbhe do shaoránaigh agus don gheilleagar Eorpach, agus an Chomhairle a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta;

34) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé meastóireacht a dhéanamh ar lorg comhshaoil na spásteicneolaíochtaí Eorpacha, le chur chuige bunaithe ar an gcostas domhanda (eacnamaíoch, comhshaoil, sochaíoch), agus é d'aidhm feidhmíocht chomhshaoil na hearnála spáis Eorpaí a fheabhsú;

35) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart roinnt athróg a chur san áireamh agus tionchar an Spáis Nua ar an ngeilleagar Eorpach á thomhas, lena n-áirítear líon na bpost a chruthaítear, onnmhairí, leibhéil infheistíochta, díolacháin agus ioncaim, chun fíor-léargas a fháil ar threochtaí agus ar éabhlóid an Spáis Nua san Eoraip, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin shochaíocha agus chomhshaoil, agus breisluach an spáis agus na sochair a ghabhann leis don tsochaí agus do dhea-bhail agus athléimneacht na saoránach á dtaispeáint;

**VII Gníomhaíochtaí tosaíochta**

36) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhordú leis na Ballstáit, straitéis nuálaíochta don Spás Nua a mholadh, ina gcuimseofar an slabhra luacha iomlán agus rochtain ar mhaoiniú, i dtreo earnáil spáis de chuid an Aontais a bheidh nuálach iomaíoch;

37) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún freisin agus ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, trí phlean gníomhaíochta, úsáid seirbhísí spáis a chothú, trí spreagadh a thabhairt réitigh spáis a ghlacadh i raon leathan de bheartais an Aontais agus iomaíochas thionscal spáis iartheachtach an Aontais a mhéadú, agus braisliú feidhmeanna agus úsáideoirí spáis iartheachtacha á éascú ar fud an Aontais, le béim ar leith ar fhothú acmhainneachta sna Ballstáit a bhfuil cumais spáis ag teacht chun cinn iontu, agus forbairt ar noirm agus caighdeáin á cur san áireamh, i gcás inarb iomchuí.